Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2018
(OR. en)

11521/18

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0097(COD)

CODEC 1352
AGRI 386
WTO 207
PE 107

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 maidir le cainníochtaí ainmniúla de shochu aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais<br>- An toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa (Strasbourg, 10-13 Meán Fómhair 2018) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Adina-Ioana VĂLEAN (EPP, RO), tuarascáil thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia a raibh sé mar aidhm léi ceannas a ghlacadh ar an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh.110/2008 maidir le cainníochtaí ainmniúla de shochu aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais.

## II. VÓTÁIL

Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 12 Meán Fómhair 2018 trí cheannas a ghlacadh ar an togra ón gCoimisiún. Tá an seasamh seo le feiceáil sa rún reachtach uaithi mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo.

An 2 Iúil 2018, d'fhormheas an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht an togra ón gCoimisiún gan aon leasú a dhéanamh air. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas. Ansin, ghlacfaí an gníomh reachtach san fhoclaíocht a chomhfhreagraíonn do sheasamh Pharlaimint na hEorpa.

# Cainníochtaí ainmniúla de shochu aondriogtha a chur ar mhargadh an Aontais ***I

Committee on the Environment, Public Health and Food Safety

PE623.611

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 maidir le cainníochtaí ainmniúla de shochu aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais(COM(2018)0199 – C8-0156/2018 – 2018/0097(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Déanann Parlaimint na hEorpa an méid seo a leanas,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2018)0199),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C-80156/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 11 Iúil 2018[1],

– ag féachaint don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle ina litir an 10 Iúil 2018 go ndéanfaí seasamh na Parlaiminte a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A8-0255/2018),

1. Glacann sí a seasamh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. Iarrann sí ar an gCoimisiún é a tharchur chuig an bParlaimint arís má dhéanann sé téacs eile a

---

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. Iarrann sí ar Uachtarán na Parlaiminte seasamh na Parlaiminte a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P8_TC1-COD(2018)0097**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a glacadh ag an gcéad léamh ar an 12 Meán Fómhair 2018 chun go nglacfaí Rialachán (CE) 2008/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 maidir le cainníochtaí ainmniúla de *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

De bharr an méid seo a leanas:

---

2 OJ C ... .

3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Meán Fómhair 2018.

(1) An 29 Samhain 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht leis an tSeapáin maidir le Comhaontú Saorthrádála.

(2) Tugadh an chaibidlíocht maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin um Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch ("an Comhaontú") i gcrích agus síníodh an Comhaontú ar an 17 Iúil 2018.

(3) Foráiltear le hIarscríbhinn 2-D a ghabhann leis an gComhaontú go bhfuiltear chun a cheadú *shochu* aondhiogtha, mar a shainmhínítear é i bhfo-alt 10 d'Airteagal 3 den Dlí um Cháin ar Dheochanna Meisciúla na Seapáine (Dlí Uimh. 6 de 1953) arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais i mbuidéil thraidisiúnta de mhéid ceithre go（合） agus aon sho (升) amháin atá cothrom leis na cainníochtaí ainmniúla 720 ml agus 1 800 ml, faoi seach, ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais dhlíthiúla eile de chuid an Aontais is infheidhme.

(4) Foráiltear le Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4] nach féidir deochanna biotáilleacha réamhphacáilte a chur ar mhargadh an Aontais ach amháin má réamhphacáiltear iad de réir na gcainníochtaí ainmniúla a liostaítear i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin. Maidir le deochanna biotáilleacha, déantar tagairt i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2007/45/CE do naoi gcainníocht ainmniúla feadh an eatraimh idir 100 ml go 2 000 ml. Ní chuirtear san áireamh sna cainníochtaí ainmniúla sin 720 ml agus 1 800 ml, arb iad sin na cainníochtaí ainmniúla ina ndéantar *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota, a bhuidéalú agus a chur ar an margadh sa tSeapáin.

---

4 Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos na rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n-aisghairtear Treoir 75/106/CEE ón gComhairle agus Treoir 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

(5) Is gá, dá bhrí sin, maolú ar na cainníochtaí ainmniúla a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 2007/45/EC maidir le deochanna biotáilleacha chun a áirithiú gur féidir *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais, faoi mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 2-D a ghabhann leis an gComhaontú, i mbuidéil thraidisiúnta de chainníochtaí ainmniúla 720 ml agus de 1800 ml atá cothrom le méideanna buidéal Seapánach ceithre go（合) agus aon sho (升）amháin, faoi seach.

(6) Is gá an maolú sin a thabhairt isteach le leasú ar an Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5], chun a áirithiú gur féidir *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar an margadh i gcomhthráth sna Ballstáit uile ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 a leasú dá réir sin.

(8) Chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe a áirithiú maidir le *shochu* aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón lá a thiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm,

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach i gCaibidil IV de Rialachán (CE) Uimh 110/2008:

*"Airteagal 24a*

Maolú ar cheanglais maidir le cainníochtaí ainmniúla i dTreoir 2007/45/CE

De mhaolú ar Airteagal 3 de Threoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus ón séú sraith i roinn 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, is féidir *shochu*** aondriogtha, arna tháirgeadh i stil phota agus arna bhuidéalú sa tSeapáin, a chur ar mhargadh an Aontais i gcainníochtaí ainmniúla 720 ml agus 1 800 ml.

---

* Treoir 2007/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meán Fómhair 2007 lena leagtar síos na rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla táirgí réamhphacáilte, lena n-aisghairtear Treoir 75/106/CEE ón gComhairle agus Treoir 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle (IO L 247, 21.9.2007, lch. 17).

** Dá dtagraítear in Iarscríbhinn 2-D a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa ...,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |